Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**10897/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0208(COD)**

**COH 63**
**SOC 423**
**CODEC 1069**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 325 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) 2021/1060 a mhéid a bhaineann le solúbthacht bhreise chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí fhogha míleata Chónaidhm na Rúise FAST (Cúnamh Solúbtha do Chríocha) – CARE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 325 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 325 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.6.2022
COM(2022) 325 final

2022/0208 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) 2021/1060 a mhéid a bhaineann le solúbthacht bhreise chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí fhogha míleata Chónaidhm na Rúise**
**FAST (Cúnamh Solúbtha do Chríocha) – CARE**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Mar thoradh ar chogadh ionsaithe na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tháinig sraith dúshlán gan choinne don Aontas Eorpach nuair a bhí an tAontas agus a chuid Ballstát ag gabháil do théarnamh ár ngeilleagar agus ár sochaithe tar éis phaindéim COVID-19.

Ó tharla ionradh na Rúise gan chúis ar an Úcráin an 24 Feabhra, fuair an tAontas níos mó ná 6.2 milliún náisiúnach de chuid na hÚcráine a theith ó ionsaí na Rúise. D'fhreagair an tAontas Eorpach go mear, agus thacaigh sé leis na Ballstáit agus leis na réigiúin bainistiú a dhéanamh ar theacht na ndaoine sin trí leas a bhaint as an maoiniú ar fad atá ar fáil. Mar sin féin, agus méadú ag teacht ar líon na n-imirceach, is léir go bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta. D'iarr cruinniú speisialta na Comhairle Eorpaí i mí na Bealtaine 2022 ar an gCoimisiún "tionscnaimh nua a chur i láthair" laistigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil chun tacú leis an iarracht cosaint a chur ar fáil do na milliúin dídeanaí atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin.

Chomh maith le tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit i gcomhthéacs rabharta daoine easáitithe isteach, tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún freisin ar an tionchar leanúnach atá ag ionradh na Rúise gan chúis ar an Úcráin ar chur chun feidhme an bheartais chomhtháthaithe go háirithe. Tugadh aird ar leith ar na hiarmhairtí ar thionscadail bhonneagair, ó thaobh infhaighteacht amhábhar agus costais na n-amhábhar agus infhaighteacht an lucht saothair araon. Is ábhar imní do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do na réigiúin an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na saincheisteanna sin ar chur chun feidhme chláir 2014-2020 a thabhairt chun críche agus a áirithiú go gcuirfear tús leis na cláir nua 2021-2027.

Ón 24 Feabhra, i leith, tá roinnt tograí curtha síos ag an gCoimisiún cheana féin, faoi Ghníomhaíocht Chomhtháthaithe do Dhídeanaithe san Eoraip (CARE), lena chinntiú go mbainfear leas as an maoiniú ar fad atá ar fáil faoi bheartas comhtháthaithe 2014-2020 agus faoin gCiste Eorpach do na cláir is Díothaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin láithreacha atá os comhair na mBallstát agus roinnt dá réigiúin thoir go háirithe, go háirithe maidir leo siúd atá ag teitheadh ó ionsaí na Rúise.

Leis na leasuithe sin, bhíothas in ann leas a bhaint as an maoiniú atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí láithreacha chogadh na Rúise san ionsaí i gcoinne na hÚcráine, agus ag an am céanna ligean do na Ballstáit leanúint dá n-iarrachtaí téarnamh glas, digiteach, athléimneach a áirithiú dá ngeilleagar mar thoradh ar phaindéim COVID-19.

Leis an bhféidearthacht úsáid a bhaint as Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus as Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) le haghaidh oibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin imirce a eascraíonn as ionsaí míleata na Rúise faoi rialacha an chiste eile, is féidir na hacmhainní atá ar fáil a úsáid le haghaidh na riachtanas atá ann cheana, gan aon ghá le haistriú. Ina theannta sin, beidh na hoibríochtaí sin incháilithe ó dháta an ionraidh, chun tacaíocht a cheadú do na riachtanais ghaolmhara uile. Ina theannta sin, tugadh isteach costas aonaid nua agus simplíodh socruithe tuairiscithe do rannpháirtithe chun an t-ualach riaracháin a laghdú do thairbhithe agus do riaracháin na mBallstát araon i gcomhthéacs aghaidh a thabhairt ar dhúshláin imirce. Ar deireadh, rinneadh an deis suas le 100 % de chómhaoiniú an Aontais a úsáid a shíneadh i gcás na mbeart sin freisin go dtí an bhliain chuntasaíochta dar críoch an 30 Meitheamh 2022 chun rannchuidiú leis an ualach ar airgeadas poiblí na

mBallstát a mhaolú, agus leis an méadú suntasach ar réamh-mhaoiniú ó acmhainní REACT-AE ar choinníoll go bhfuil leachtacht ag teastáil ó na Ballstáit chun na riachtanais is práinní a chumhdach.

Tá méadú tagtha ar iarmhairtí ionsaithe míleata na Rúise agus tá méadú tagtha ar a thionchar. Mar thoradh air sin, tá rabhartaí móra leanúnacha daoine atá ag teitheadh ó ionsaí na Rúise chuig na Ballstáit. Ag an am céanna, tá ganntanas lucht saothair agus ganntanas ábhar ionchuir in earnálacha áirithe i roinnt Ballstát. Tá an staid sin sa bhreis ar iarmhairtí paindéime COVID-19, go háirithe cur isteach ar shlabhraí luacha, rud a thugann dúshlán do bhuiséid phoiblí a bhí dírithe ar théarnamh an gheilleagair, ach tá baol ann freisin go gcuirfí moill mhór ar infheistíochtaí, go háirithe i gcás an bhonneagair.

Cé go raibh ról tábhachtach ag na bearta a glacadh cheana maidir le tacú leis na Ballstáit agus leis na réigiúin a thugann aghaidh ar éifeachtaí láithreacha an chogaidh, is léir go bhfuil gá le gníomhaíocht bhreise mar gheall ar an staid athraitheach. Go háirithe, cuideoidh an tsolúbthacht mhéadaithe le barr feabhais a chur ar úsáid na n-acmhainní 2014-2020 atá fágtha agus beifear in ann tionscadail a bhfuil moill orthu a chéimniú amach ar bhealach níos rianúla idir na cláir 2014-2020 agus 2021-2027.

Dá bhrí sin, ba cheart tuilleadh solúbthachta a thabhairt isteach chun tacaíocht níos tapa agus níos iomláine a cheadú ó na Cistí chun an t-ualach ar bhuiséid náisiúnta a laghdú agus chun cur chun feidhme oibríochtaí a thugann aghaidh ar dhúshláin imirce araon a éascú, chomh maith le suaitheadh sa mhargadh i bpríomhearnálacha eacnamaíocha.

Maidir le hoibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin imirce a eascraíonn as ionsaí míleata ag Cónaidhm na Rúise, is iomchuí, dá bhrí sin, mar chuid den tacaíocht níos iomláine sin agus mar bheart eisceachtúil, gan dochar do na rialacha ar cheart feidhm a bheith acu faoi chúinsí rialta, maolú ar na ceanglais a bhaineann le suíomh na hoibríochta laistigh de Bhallstát ar leith, ós rud é go bhféadfaidh na daoine atá ag teitheadh ón gcogadh bogadh chuig láthair níos mó ná uair amháin. Ina theannta sin, ós rud é go leanfar d'ionsaí na Rúise, tá údar le síneadh ama agus méadú ar an gcostas aonaid nuabhunaithe a bheidh ceadaithe riachtanais agus tacaíocht bhunúsach na ndaoine ar deonaíodh cosaint shealadach nó cosaint leordhóthanach eile dóibh faoin dlí náisiúnta a chumhdach i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382[1] ón gComhairle agus Treoir 2001/55/CE ón gComhairle[2] i ngach Ballstát.

Ina theannta sin, tá sé beartaithe freisin go gceadófar do na hacmhainní atá fágtha ó Chiste Comhtháthaithe 2014-2020 tacú le hoibríochtaí a thagann faoi raon feidhme CFRE nó CSE, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir leis na Cistí sin. Ciallaíonn sé sin go leathnófaí an tsolúbthacht chun acmhainní CFRE agus CSE a úsáid a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2022/562 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis an gCiste Comhtháthaithe[3]. Ar an gcaoi chéanna, ós rud é gur socraíodh ón 24 Feabhra 2022

---

[1] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach, IO L 71, 4.3.2022, lgh. 1-6

[2] Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12).

[3] Rialachán (AE) 2022/562 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le

incháilitheacht d'oibríochtaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin imirce mar thoradh ar ionsaí míleata na Rúise, ba cheart go bhféadfaí caiteachas ar na hoibríochtaí sin a dhearbhú freisin nuair a bheidh siad lánchríochnaithe go fisiciúil nó curtha chun feidhme go hiomlán cheana féin. Ba cheart na deiseanna sin a leathnú freisin chuig an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) mar thoradh ar iarmhairtí an chogaidh ar an earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe.

Den mheon céanna agus chun an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit a mhaolú, ar ualach é atá ag oiriúnú de shíor do na riachtanais atá ag teacht chun cinn, ba cheart aistrithe a dhéanamh idir cuspóirí téamacha laistigh de thosaíocht agus laistigh de Chiste agus de chatagóir réigiúin gan gá le cinneadh ón gCoimisiún lena leasaítear an clár. Ina theannta sin, tá sé beartaithe uasteorainn na solúbthachta a mhéadú idir tosaíochtaí chun comhardú deiridh na ranníocaíochta ó na Cistí a ríomh. Thairis sin, i gcás tosaíochtaí a chuireann lánpháirtiú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tír chun cinn, lena n-áirítear iad siúd atá tiomanta d'oibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin imirce mar thoradh ar ionsaí míleata Chónaidhm na Rúise, ba cheart an fhéidearthacht ráta cómhaoinithe 100 % a bhunú sa dá chlárthréimhse, chun tacú leis na Ballstáit agus aghaidh á tabhairt acu ar riachtanais daoine easáitithe anois agus amach anseo.

D'fhonn léiriú a dhéanamh ar na coinníollacha níos éasca chun tionscadail a chéimniú amach idir na clárthréimhsí, is gá freisin solúbthachtaí spriocdhírithe a thabhairt isteach don chlárthréimhse 2021-2027.

Chun cabhrú leis na Ballstáit uile aghaidh a thabhairt ar thionchar an chogaidh lena gcláir 2021-2027, ba cheart tacaíocht ó CFRE, ó CSE+ agus ón gCiste Comhtháthaithe faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post a shlógadh go tapa trí ráta an réamh-mhaoinithe a mhéadú.

Ina theannta sin, ba cheart an ráta cómhaoinithe suas le 100 % a thabhairt isteach le haghaidh tosaíochtaí lena gcuirtear chun cinn lánpháirtiú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tíortha ó chláir 2021-2027 go dtí lár 2024 agus ba cheart athbhreithniú a dhéanamh orthu ar bhonn na húsáide a baineadh as.

Go háirithe, ba cheart an uasteorainn maidir leis an bhféidearthacht oibríochtaí a chéimniú ó na cláir 2014-2020 go dtí na cláir don chlárthréimhse 2021-2027 a laghdú chun an fhéidearthacht sin a mhéadú go dtí níos mó oibríochtaí a bhfuil moilleanna ag baint leo. Thairis sin, ba cheart an dara céim d'oibríochtaí faoi chláir 2021-2027 a bheith incháilithe i gcomhréir le rialacha 2014-2020 agus ba cheart an deis a thabhairt d'údaráis bhainistíochta tacaíocht a dheonú go díreach d'oibríochtaí den sórt sin, ar choinníoll go gcomhlíontar líon teoranta príomhchoinníollacha. Ní dhéanfaidh an chéimniú isteach sin difear d'oibleagáidí na mBallstát ceanglais maidir le díriú téamach agus spriocanna ranníocaíochta don aeráid a chomhlíonadh.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra i gcomhréir leis an gcreat foriomlán dlíthiúil a bunaíodh le haghaidh Chistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa (SIE) agus beartas comhtháthaithe agus níl de raon ag an togra ach leasuithe spriocdhírithe agus eisceachtúla ar Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013

Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE) (IO L 109, 8.4.2022, lch. 1).

agus Rialachán (AE) 2021/1060. Ina theannta sin, comhlánaíonn an togra na leasuithe roimhe seo ar Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 trí rialacháin leasaitheacha an 6 Aibreán 2022 agus an 12 Aibreán 2022 chomh maith leis na bearta eile ar fad atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar an staid reatha nach bhfacthas riamh roimhe seo.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Níl i gceist leis an togra ach leasuithe spriocdhírithe eisceachtúla ar Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) 2021/1060 agus tá sé comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 177 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Leasaítear reachtaíocht an Aontais atá ann cheana leis an togra agus tá sé mar aidhm leis éascaíocht a dhéanamh do na Ballstáit agus do na réigiúin úsáid a bhaint as acmhainní an bheartais chomhtháthaithe agus an tsolúbthacht sin a mhéadú chun tacú le bearta lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin imirce mar thoradh ar ionsaí míleata na Rúise sa tréimhse 2014-2020 agus sna cláir 2021-2027 araon. Ní féidir leis na Ballstáit aonair aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin go leordhóthanach agus is fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais.

- **Comhréireacht**

Tá an togra teoranta don mhéid is gá agus atá dírithe ar a áirithiú go bhféadfaidh na hacmhainní uile atá ar fáil faoin mbeartas comhtháthaithe tacú le bearta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin imirce mar thoradh ar ionsaí míleata na Rúise. Ní théann na solúbthachtaí atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun lánúsáid a bhaint as acmhainní faoi chláir Chistí SIE 2014-2020 agus chun céimniú oibríochtaí chuig na cláir 2021-2027 a éascú.

- **An rogha ionstraime**

Rialachán lena leasaítear na rialacháin an ionstraim iomchuí chun úsáid an bheartais chomhtháthaithe agus acmhainní a éascú chun tacú le bearta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin imirce mar thoradh ar ionsaí míleata na Rúise agus chun síneadh a chur leis an bhféidearthacht céim oibríochta ag costas níos ísle a bheith ann, a bhfuil gá leis chun aghaidh a thabhairt ar na cúinsí sin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

N/B

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Leanann an togra plé ardleibhéil le hinstitiúidí eile agus leis na Ballstáit. Níl gá le comhairliúchán poiblí ós rud é nach bhfuil aon ghá le measúnú tionchair.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

N/B

- **Measúnú tionchair**

Rinneadh measúnú tionchair chun an togra reachtach a ullmhú le haghaidh Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) 2021/1060. Maidir leis an athrú spriocdhírithe seo atá ann faoi láthair chun freagairt do chás criticiúil, ní gá measúnú tionchair ar leithligh a dhéanamh air.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

N/B

- **Cearta bunúsacha**

N/B

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Baineann an togra le cláir beartais chomhtháthaithe ón tréimhse 2014-2020 agus ón tréimhse 2021-2027 araon agus ní dhéantar aon mhodhnú ar na gealltanais bhuiséadacha atá ann cheana.

Don tréimhse 2021-2027, méadaíonn sé leibhéal an réamh-mhaoinithe do chláir a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+ agus ón gCiste Comhtháthaithe faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post in 2022 agus 2023. Is é an toradh a bheidh air sin tús-ualú na leithreasuithe íocaíochta go dtí 2022 agus 2023 agus beidh sé neodrach ó thaobh an bhuiséid de le linn na tréimhse 2021-2027.

Níor beartaíodh an réamh-mhaoiniú breise EUR 1.74 billiún don bhliain 2023 sa dréachtbhuiséad. Dá bhrí sin, déanfaidh an Coimisiún machnamh ar mholadh a dhéanamh na riachtanais bhreise íocaíochta a chumhdach trí litir leasaitheach a chur ar dhréachtbhuiséad 2023 agus réamhaisnéisí athbhreithnithe na mBallstát á gcur san áireamh.

Chun an modhnú atá beartaithe a dhéanamh, ní gá aon athrú a dhéanamh ar uasteorainneacha bliantúla an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil le haghaidh gealltanas agus íocaíochtaí de réir mar leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle, agus ní thugtar le fios ann athruithe ar na riachtanais íocaíochta le linn aon tréimhse chlársceidealaithe.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán cúramach ar thionchar an mhodhnaithe atá beartaithe ar leithreasuithe íocaíochta in 2022 agus in 2023, agus cur chun feidhme foriomlán an bhuiséid, réamhaisnéisí athbhreithnithe na mBallstát, chomh maith le haon riachtanais nó tosaíochtaí a d’fhéadfadh teacht chun cinn á gcur san áireamh.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar faireachán agus tuairisciú ar chur chun feidhme an bhirt faoi chuimsiú na sásraí tuairiscithe ginearálta a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 2021/1060.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

N/B

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá sé beartaithe Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 2021/1060 a leasú chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Maolú ar na ceanglais maidir le suíomh laistigh de Bhallstát ar leith i gcás oibríochtaí a théann i ngleic leis na dúshláin imirce mar thoradh ar ionsaí míleata na Rúise, ós rud é go bhféadfadh daoine atá ar a dteitheadh ón gcogadh bogadh níos mó ná uair amháin (leasú ar Airteagal 70 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013);
- An fhéidearthacht a thabhairt isteach caiteachas a dhearbhú le haghaidh oibríochtaí den sórt sin atá lánchríochnaithe go fisiceach nó curtha chun feidhme ina n-iomláine cheana féin (leasú ar Airteagal 65 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013);
- Le fógra chuig an gCoimisiún faoi na táblaí airgeadais athbhreithnithe arna bhformheas ag an gcoiste faireacháin agus gan cinneadh ón gCoimisiún lena leasaítear an clár, ceadaítear cómhaoiniú suas le 100 % a chur i bhfeidhm le haghaidh ais tosaíochta ar leithligh a bunaíodh chun lánpháirtiú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tíortha a chur chun cinn, lena n-áirítear na táblaí sin atá tiomnaithe d’oibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin imirce mar thoradh ar ionsaí míleata Chónaidhm na Rúise (Airteagal 120, mír nua (9) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013);
- Solúbthacht bhreise a thabhairt isteach idir na Cistí, lena gceadófar go sonrach acmhainní an Chiste Chomhtháthaithe 2014-2020 a úsáid le haghaidh oibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin imirce mar thoradh ar ionsaí míleata na Rúise agus faoi raon feidhme agus rialacha Ciste-shonracha CFRE agus CSE, fad a dheonaítear leithdháileadh airgeadais íosta 30 % de bhuiséad na haise tosaíochta do thairbhithe ar údaráis áitiúla iad chun a áirithiú go bhfaighidh na cineálacha sin tairbhithe sciar iomchuí de na hacmhainní sin i bhfianaise a róil ghníomhaigh i ngníomhaíochtaí chun fáilte a chur roimh dhídeanaithe agus iad a chomhtháthú (leasú ar Airteagal 98(4) de Rialachán Uimh. 1303/2013);
- Cead a thabhairt meastacháin fheasach a úsáid atá teoranta do líon iomlán na ndaoine a fhaigheann tacaíocht agus do líon na leanaí faoi bhun 18 bliana d’aois nuair is gá sonraí maidir le rannpháirtithe a thuairisciú faoin ais tosaíochta ar leithligh lena dtacaítear le hoibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin imirce mar thoradh ar an ionsaí míleata a rinne Cónaidhm na Rúise (leasú ar Airteagal 98(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013);
- An costas aonaid a bunaíodh le déanaí a shíneadh chun tacú le bearta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin imirce mar thoradh ar ionsaí míleata Chónaidhm na Rúise go EUR 100 in aghaidh na seachtaine do gach seachtain iomlán nó páirt-sheachtain a bhfuil an duine sa Bhallstát lena mbaineann, ar feadh uastréimhse 26 seachtaine san iomlán ón dáta a dtagann an duine san Aontas (leasú ar Airteagal 68c de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013);
- Solúbthacht a mhéadú le haghaidh íocaíochtaí an iarmhéid deiridh le haghaidh gach tosaíochta in aghaidh an Chiste agus in aghaidh na catagóire réigiún sa bhliain chuntasaíochta deiridh ó 10 % go 15 % (leasú ar Airteagal 130(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013);

- Cead a thabhairt aistrithe a dhéanamh i gcláir leithdháilte idir cuspóirí téamacha laistigh den tosaíocht chéanna agus den Chiste céanna agus den chatagóir réigiúin céanna gan cinneadh ón gCoimisiún lena leasaítear an clár (leasú ar Airteagal 30 agus ar Airteagal 96(10) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013);
- An ráta réamh-mhaoinithe do na cláir ó CFRE, ó CSE+ agus ón gCiste Comhtháthaithe faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post a mhéadú 0.5 % in 2022 agus 0.5 % in 2023 den tacaíocht iomlán ó na Cistí a leagtar amach sa chinneadh lena bhformheastar an clár i ngach Ballstát (leasú ar Airteagal 90(2) de Rialachán (AE) 2021/1060);
- Ceadófar leo ráta cómhaoinithe 100 % a chur i bhfeidhm go dtí an 30 Meitheamh 2024 le haghaidh tosaíochta ar leithligh arna bunú laistigh de chlár chun tacú le hoibríochtaí a chuireann lánpháirtiú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tír chun cinn. Ba cheart ar a laghad 30 % den tacaíocht laistigh den tosaíocht a dheonú do thairbhithe ar údaráis áitiúla iad agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ag feidhmiú i bpobail áitiúla chun a áirithiú go bhfaigheann na cineálacha sin tairbhithe sciar iomchuí de na hacmhainní sin i bhfianaise a ról gníomhach i ngníomhaíochtaí chun fáilte a chur roimh dhídeanaithe agus chun iad a lánpháirtiú. Ní fhéadfaidh an méid iomlán atá cláraithe faoi thosaíochtaí den sórt sin i mBallstát dul thar 5 % de leithdháileadh náisiúnta tosaigh an Bhallstáit sin ó CFRE agus ó CSE+ le chéile. Déanfar athbhreithniú ar an ráta cómhaoinithe suas le 100 % faoin 30 Meitheamh 2024 (leasú ar Airteagal 112 de Rialachán (AE) 2021/1060);
- A mheas go bhfuil sé incháilithe do thacaíocht freisin faoi oibríochtaí clár 2021-2027 ar mó a gcostas iomlán ná EUR 1 000 000 agus a roghnaíodh le haghaidh tacaíochta ó na cláir 2014-2020 agus a thosaigh roimh an 29 Meitheamh 2022, agus a cheadóidh don údarás bainistíochta deonú díreach a dhéanamh, ar choinníoll go gcomhlíontar líon teoranta príomhchoinníollacha (Airteagal 118a nua de Rialachán (AE) 2021/1060);
- Cuir isteach réimsí tiomnaithe idirghabhála chun oibríochtaí céimnithe a chumhdach nach mbeadh incháilithe le haghaidh tacaíochta in 2021-2027 murach sin (leasú ar Thábla 1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060).

2022/0208 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) 2021/1060 a mhéid a bhaineann le solúbthacht bhreise chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí fhogha míleata Chónaidhm na Rúise**
**FAST (Cúnamh Solúbtha do Chríocha) – CARE**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 177 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[4],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[5],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh difear mór do na Ballstáit, agus do réigiúin láir agus thoir an Aontais Eorpaigh go háirithe, mar gheall ar iarmhairtí fhogha míleata Chónaidhm na Rúise in aghaidh na hÚcráine, tráth a bhfuil geilleagair na mBallstát fós ag téarnamh ó thionchar phaindéim COVID-19. Agus rabharta leanúnach daoine ar a dteitheadh ó fhogha na Rúise ag teacht isteach sna Ballstáit an tráth céanna, tá difear á dhéanamh do na Ballstáit freisin mar gheall ar ghanntanas saothair, deacrachtaí sa slabhra soláthair agus ardú ar praghsanna agus ar chostais fuinnimh. Ar thaobh amháin, cruthaíonn sé sin dúshláin do bhuiséid phoiblí agus, ar an taobh eile, cuireann sé moill ar chur chun feidhme infheistíochtaí. Chruthaigh sé sin staid eisceachtúil nach mór aghaidh a thabhairt uirthi le bearta sonracha dea-dhírithe, chun nach mbeidh gá le hathruithe ar uasteorainneacha bliantúla an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil maidir le gealltanais agus íocaíochtaí de réir Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[6], agus chun nach ndéanfar dochar do théarnamh leanúnach glas digiteach athléimneach an gheilleagair.

(2) Chun an t-ualach méadaitheach ar bhuiséid náisiúnta a mhaolú, le Rialachán (AE) 2022/562 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], rinneadh roinnt leasuithe

[4] IO C , , lch. .
[5] IO C , , lch. .
[6] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).
[7] Rialachán (AE) 2022/562 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE) (IO L 109, 8.4.2022, lch. 1).

spriocdhírithe ar Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013[8] agus (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] chun é a dhéanamh níos éasca do na Ballstáit úsáid a bhaint as leithdháiltí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa ('CFRE'), Chiste Sóisialta na hEorpa ('CSE') agus an Chiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí ('FEAD') atá fágtha acu faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020, chomh maith le húsáid a bhaint as acmhainní REACT-AE, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin imirce, arb é fogha míleata Chónaidhm na Rúise is cúis leo, a éifeachtaí agus a luaithe is féidir.

(3) Ina theannta sin, le Rialachán (AE) 2022/613 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] , cuireadh deiseanna breise ar fáil chun acmhainní a shlógadh go tapa chun na costais bhuiséadacha láithreacha ar na Ballstáit a fhritháireamh agus chun costas aonaid a bhunú chun maoiniú bhunriachtanais agus thacaíocht na ndaoine a dtugtar cosaint shealadach dóibh a éascú.

(4) Mar sin féin, ba cheart socruithe eisceachtúla breise a sholáthar do na Ballstáit chun é a chur ar a chumas dóibh díriú ar an bhfreagairt is gá ar an staid shocheacnamaíoch nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, i bhfianaise gur leathnaíodh ionradh na Rúise, go háirithe maidir le hoibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin imirce arb é fogha míleata Chónaidhm na Rúise is cúis leo.

(5) I bhfianaise an bhrú bhreise ar bhuiséid phoiblí de bharr fhogha míleata Chónaidhm na Rúise, ba cheart an tsolúbthacht maidir le húsáid CFRE agus CSE dá bhforáiltear in Airteagal 98(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 le haghaidh oibríochtaí den sórt sin a leathnú chun an Ciste Comhtháthaithe a chumhdach freisin ionas gur féidir a acmhainní a úsáid chun tacú le hoibríochtaí a thagann faoi raon feidhme CFRE nó CSE i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir leis na Cistí sin. Thairis sin, is iomchuí na ceanglais faireacháin éadroma a leagtar amach in Airteagal 98(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a leathnú chun na hoibríochtaí a dtacaíonn CSE leo agus a thugann aghaidh ar dhúshláin imirce a chumhdach, i gcás ina bhfuil na hoibríochtaí sin cláraithe in ais tosaíochta nach dtugann aghaidh ach ar an dúshlán sin amháin. Thairis sin, tosaíochtaí lena gcuirtear chun cinn lánpháirtiú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tír, lena n-áirítear tosaíochtaí atá tiomnaithe d'oibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin imirce a eascraíonn as fogha na Rúise, ba cheart an deis a thabhairt isteach go dtairbheoidh na tosaíochtaí sin de ráta cómhaoinithe suas le 100 % sa dá chlárthréimhse, chun tacú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar dhaoine easáitithe anois agus amach anseo. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart méid an chostais aonaid chun maoiniú bhunriachtanais agus thacaíocht na ndídeanaithe a mhéadú agus ba cheart síneadh a chur lena chur i bhfeidhm.

---

8 Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Coiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

9 Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (IO L 72, 12.3.2014, lch. 1).

10 Rialachán (AE) 2022/613 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le réamh-mhaoiniú méadaithe ó acmhainní REACT EU agus le costas aonaid a bhunú (IO L 115, 13.4.2022, lch. 38).

(6) Ina theannta sin, maidir le tús a chur leis an dáta incháilitheachta an 24 Feabhra 2022 le haghaidh oibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin imirce mar thoradh ar fhogha míleata Chónaidhm na Rúise, níor leor é sin chun a áirithiú go bhféadfadh na Cistí tacú le gach oibríocht ábhartha lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin sin. Dá bhrí sin, is iomchuí, ar bhonn eisceachtúil, roghnú na n-oibríochtaí sin a cheadú sula bhformheasfar leasú ar chlár gaolmhar agus is iomchuí incháilitheacht an chaiteachais a cheadú i gcás oibríochtaí den sórt sin atá críochnaithe go fisiceach nó atá curtha chun feidhme go hiomlán, agus na solúbthachtaí sin a leathnú freisin chun oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CEMI a chumhdach, oibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar na hiarmhairtí ar earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe mar thoradh ar fhogha na Rúise. Thairis sin, agus an cistiú teoranta atá ar fáil sna réigiúin is mó atá buailte á chur san áireamh, ba cheart go bhféadfaí tacú leis na hoibríochtaí sin thar theorainneacha limistéar an chláir laistigh de Bhallstát ar leith, ós rud é gur dúshlán do chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais ina iomláine é an staid ina bhfuil daoine ar a dteitheadh ó fhogha na Rúise agus ag bogadh laistigh de na Ballstáit agus ó Bhallstát go chéile. Dá bhrí sin, ba cheart oibríochtaí den sórt sin a bheith incháilithe gan beann ar an áit a gcuirtear chun feidhme iad laistigh de Bhallstát ar leith toisc nach critéar cinntitheach é suíomh na n-oibríochtaí agus aghaidh á tabhairt ar na riachtanais láithreacha.

(7) Thairis sin, i bhfianaise ardleibhéal an ualaigh atá ar údaráis áitiúla agus ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta a fheidhmíonn i bpobail áitiúla maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin imirce mar thoradh ar fhogha míleata Chónaidhm na Rúise, ba cheart íosleibhéal tacaíochta 30 % a chur i leataobh do chomhlachtaí den sórt sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá á n-úsáid chun tacú le hoibríochtaí laistigh de raon feidhme CFRE nó CSE i gcomhréir leis an gcéad fhomhír agus leis an dara fomhír d'Airteagal 98(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

(8) D'fhonn an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit a laghdú chun na riachtanais athraitheacha agus comhlíonadh na leithdháiltí airgeadais i gclár oibríochtúil a chur san áireamh, ba cheart beart ginearálta a sholáthar lena gcuirfear deireadh leis an ngá le leasú foirmiúil ar chlár oibríochtúil faoi chlárthréimhse 2014-2020 ionas gur féidir na haistrithe idir cuspóirí téamacha a dhéanamh laistigh de thosaíocht de chuid na Ciste agus na catagóire réigiúin céanna.

(9) Ar deireadh, chun úsáid leithdháiltí 2014-2020 a bharrfheabhsú i gcomhthéacs dhúnadh na gclár faoi chlárthréimhse 2014-2020, ba cheart ardú a dhéanamh ar uasteorainn na solúbthachta idir tosaíochtaí chun iarmhéid deiridh na ranníocaíochta ó na Cistí a ríomh.

(10) Ba cheart foráil a dhéanamh freisin maidir le solúbthachtaí áirithe chun aghaidh a thabhairt ar an staid nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe sa chreat dlíthiúil lena rialaítear cláir faoi chlárthréimhse 2021-2027. Arís eile, d'fhonn an t-ualach ar bhuiséid náisiúnta a mhaolú, ba cheart íocaíochtaí réamh-mhaoinithe do chláir faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis a mhéadú. Thairis sin, i bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le heasáitiú daoine agus i bhfianaise na bhfreagairtí comhtháite a éilíonn na Ballstáit, i gcás ina dtiomnaíonn Ballstát tosaíocht faoi cheann dá chláir chomhtháthaithe 2021-2027 chun tacú le hoibríochtaí a chuireann lánpháirtiú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tír chun cinn, ba cheart go bhféadfaí ráta cómhaoinithe suas le 100 % a bheith ann le haghaidh na tosaíochta sin go dtí an 30 Meitheamh 2024, ar choinníoll go ndíreofar leibhéal iomchuí tacaíochta ar na húdaráis áitiúla agus ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta a fheidhmíonn i bpobail áitiúla, agus nach sáróidh an méid iomlán a chlárófar faoi thosaíochtaí den sórt sin i mBallstát 5 %

de leithdháileadh náisiúnta tosaigh an Bhallstáit sin ó CFRE agus ó CSE+ le chéile. Tá sé sin gan dochar don deis atá ag na Ballstáit méideanna breise a chlárú le haghaidh tosaíochtaí den sórt sin le rátaí cómhaoinithe rialta. Chomh maith leis sin, agus suaití go dtí deireadh chlárthréimhse 2014-2020 arb é fogha míleata na Rúise is cúis leo á gcur san áireamh, sa bhreis ar iarmhairtí fadtéarmacha na paindéime ar chur chun feidhme an tionscadail agus suaití leanúnacha sna slabhraí luacha, ba cheart solúbthacht bhreise a sholáthar freisin chun go bhféadfaí tacaíocht a dheonú go díreach agus oibríochtaí a thabhairt chun críche ar cuireadh tús lena gcur chun feidhme i gcomhréir le creat reachtach 2014-2020 roimh dháta an togra reachtaigh seo, fiú i gcás nach mbeadh na hoibríochtaí sin laistigh de raon feidhme an Chiste lena mbaineann faoi chlárthréimhse 2021-2027, cé is moite de chásanna inar úsáideadh na Cistí faoin gcéad fhomhír nó faoin dara fomhír d’Airteagal 98(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Chun a áirithiú gur féidir oibríochtaí den sórt sin a shannadh do chineálacha idirghabhála, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] a choigeartú dá réir sin. Níor cheart go ndéanfadh tacaíocht le haghaidh oibríochtaí den sórt sin difear d’oibleagáidí na mBallstát ceanglais an dírithe théamaigh agus spriocanna rannchuidithe aeráide a chomhlíonadh.

(11) Ós rud é, mar gheall ar fhairsinge agus éifeachtaí an ghnímh atá beartaithe, gur fearr is féidir cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach ar leibhéal an Aontais, eadhon cuidiú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as an líon ard daoine atá ag teacht isteach agus iad ar a dteitheadh ó fhogha míleata Chónaidhm na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus tacú le hiarrachtaí leanúnacha na mBallstát téarnamh athléimneach an gheilleagair ó phaindéim COVID-19 a bhaint amach, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 2021/1060 faoi seach a leasú dá réir.

(13) I bhfianaise a phráinní atá sé faoiseamh tapa a sholáthar do bhuiséid phoiblí d’fhonn acmhainn na mBallstát tacú le téarnamh na ngeilleagar a chaomhnú, meastar gurb iomchuí an eisceacht a agairt maidir leis an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal le CAE, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

(14) I bhfianaise gur gá faoiseamh tapa a sholáthar do bhuiséid phoiblí d’fhonn acmhainn na mBallstát a chaomhnú maidir le próiseas an téarnaimh eacnamaíoch a chothú agus chun clársceidealú gasta ar chéimniú na n- oibríochtaí i gclárthréimhse 2021-2027 a

11 Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

chumasú, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 mar a leanas:

(1) in Airteagal 30, cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

‘6. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, maidir le cláir a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE nó ón gCiste Comhtháthaithe, féadfaidh an Ballstát leithdháiltí airgeadais a aistriú idir cuspóirí téamacha éagsúla laistigh den tosaíocht chéanna den Chiste céanna agus laistigh den chatagóir réigiúin céanna den chlár céanna.

Measfar nach aistrithe substaintiúla iad na haistrithe sin agus ní bheidh gá le cinneadh ón gCoimisiún lena leasaítear an clár. Mar sin féin, beidh siad i gcomhréir leis na ceanglais rialála uile agus déanfaidh an coiste faireacháin iad a fhormheas roimh ré. Tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún maidir leis na táblaí airgeadais athbhreithnithe.

7. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, i dtaca le ráta cómhaoinithe suas le 100 % de bhun Airteagal 120(9) a chur i bhfeidhm maidir le hais tosaíochta lena gcuirtear chun cinn lánpháirtiú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tír a bunaíodh laistigh de chlár, lena n-áirítear iad siúd atá tiomnaithe d’oibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin imirce mar thoradh ar fhogha míleata Chónaidhm na Rúise, ní bheidh gá le cinneadh ón gCoimisiún lena leasaítear an clár. Déanfaidh an coiste faireacháin an leasú a fhormheas roimh ré. Tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún maidir leis na táblaí airgeadais athbhreithnithe.’;

(2) in Airteagal 65, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘10a. Ní bheidh feidhm ag mír 6 maidir le hoibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin imirce arb é fogha míleata Chónaidhm na Rúise is cúis leo.

Ní bheidh feidhm ag mír 6 ach oiread maidir le hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CEMI agus a thugann aghaidh ar iarmhairtí an fhogha sin ar earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe.

De mhaolú ar Airteagal 125(3), pointe (b), féadfar oibríochtaí den sórt sin a roghnú le haghaidh tacaíocht ó CFRE, ó CSE, ón gCiste Comhtháthaithe nó ó CEMI sula bhformheasfar an clár leasaithe.’;

(3) in Airteagal 68c, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Chun oibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin imirce arb é fogha míleata Chónaidhm na Rúise is cúis leo a chur chun feidhme, féadfaidh na Ballstáit a áireamh sa chaiteachas arna dhearbhú in iarratais ar íocaíocht costas aonaid atá nasctha le bunriachtanais agus tacaíocht na ndaoine a dtugtar cosaint shealadach nó cosaint leordhóthanach eile dóibh faoin dlí náisiúnta i gcomhréir le Cinneadh Cur

Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle[12] agus Treoir 2001/55/CE ón gComhairle[13]. EUR 100 in aghaidh na seachtaine a bheidh sa chostas aonaid sin le haghaidh gach seachtain iomlán nó seachtain pháirteach a chaithfidh an duine sin sa Bhallstát lena mbaineann. Féadfar an costas aonaid a úsáid ar feadh 26 seachtaine ar a mhéad san iomlán, ag tosú ón dáta a thagann an duine isteach san Aontas.';

(4) in Airteagal 70(2), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

'I gcás ina ndéantar oibríochtaí, a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE nó ón gCiste Comhtháthaithe agus a thugann aghaidh ar na dúshláin imirce a eascraíonn as fogha míleata Chónaidhm na Rúise, a chur chun feidhme lasmuigh de limistéar an chláir ach laistigh den Bhallstát, ní bheidh feidhm ach ag pointe (d) den chéad fhomhír.';

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 70(4):

'4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 3 maidir le cláir faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh. Ní bheidh feidhm ag míreanna 2 agus 3 maidir le hoibríochtaí lena dtacaíonn CSE, cé is moite den fhomhír dheireanach de mhír 2.'

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 96(10):

'10. Gan dochar d'Airteagal 30(5), 30(6) agus 30(7), glacfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, lena bhformheasfar gnéithe uile an chláir oibríochtúil, lena n- áirítear aon leasú a dhéanfar air amach anseo, a thagann faoin Airteagal seo, ach amháin na gnéithe sin a thagann faoi phointí (b)(vi) agus (c)(v) agus (e) den chéad fhomhír de mhír 2, faoi mhíreanna 4 agus 5, faoi phointí (a) agus (c) de mhír 6 agus faoi mhír 7, arb iad na Ballstáit a bheidh freagrach astu i gcónaí.';

(7) Leasaítear Airteagal 98(4) mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas i ndiaidh na chéad fhomhíre:

'Ina theannta sin, féadfar oibríochtaí den sórt sin a mhaoiniú freisin leis an gCiste Comhtháthaithe ar bhonn na rialacha is infheidhme maidir le CFRE nó CSE.';

(b) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas i ndiaidh an dara fomhír:

'I gcás ina mbaineann ais tosaíochta thiomnaithe úsáid as an deis a leagtar amach sa chéad fhomhír nó sa dara fomhír, déanfar 30 % ar a laghad de leithdháileadh airgeadais na haise tosaíochta sin a shannadh d'oibríochtaí a bhfuil tairbhithe acu, arb údaráis áitiúla agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a fheidhmíonn i bpobail áitiúla iad. Tuairisceoidh na Ballstáit maidir le comhlíonadh an choinníll sin sa tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme a cheanglaítear faoi Airteagal 50(1) agus faoi Airteagal 111. I gcás nach gcomhlíonfar an coinníoll sin, déanfar an aisíocaíocht ón gCoimisiún faoin ais tosaíochta lena mbaineann a laghdú go comhréireach chun a áirithiú go n-urramófar an coinníoll sin agus an t-iarmhéid deiridh atá le híoc leis an gclár á ríomh.';

[12] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO L 71, 4.3.2022, lch. 1).

[13] Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12).

(c) cuirtear an fhomhír seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

'I gcás ina bhfuil gá le sonraí maidir leis na rannpháirtithe a thuairisciú le haghaidh oibríochtaí faoin ais tosaíochta dá dtagraítear sa tríú fomhír, bunófar na sonraí sin ar mheastacháin fheasacha agus beidh siad teoranta do líon iomlán na ndaoine a fhaigheann tacaíocht agus do líon na leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois. Beidh feidhm ag na ceanglais tuairiscithe chéanna maidir le haiseanna tosaíochta eile a dtacaíonn CSE leo, aiseanna tosaíochta nach dtacaíonn ach le hoibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin imirce a eascraíonn as fogha míleata Chónaidhm na Rúise.';

(8) in Airteagal 120, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'9. Féadfar ais tosaíochta ar leithligh lena gcuirtear chun cinn lánpháirtiú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tír ag a bhfuil ráta cómhaoinithe suas le 100 % a bhunú laistigh de chlár oibríochtúil. Féadfar ais tosaíochta den sórt sin a thiomnú go hiomlán d'oibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin imirce a eascraíonn as fogha míleata Chónaidhm na Rúise, lena n-áirítear an ais tosaíochta thiomnaithe dá dtagraítear sa tríú fomhír d'Airteagal 98(4).';

(9) in Airteagal 130(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'De mhaolú ar mhír 2, maidir leis an ranníocaíocht ó na Cistí nó ó CEMI trí bhíthin íocaíochtaí an iarmhéid deiridh i leith gach tosaíochta de réir Ciste agus de réir catagóir réigiún sa bhliain chuntasaíochta deiridh, ní rachaidh sé sin thar 15 % níos mó ar a mhéid de ranníocaíocht as na gCistí nó CEMI maidir le gach tosaíocht de réir Ciste agus de réir catagóir réigiún mar a leagtar síos sa chinneadh ón gCoimisiún lena bhformheastar an clár oibríochtúil.';

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1060**

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060 mar a leanas:

(1) In Airteagal 90(2), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

'Íocfar réamh-mhaoiniú breise 0,5 % in 2022 díreach tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus íocfar réamh-mhaoiniú 0,5 % in 2023 do chláir a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+ nó ón gCiste Comhtháthaithe faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis. I gcás ina nglactar clár tar éis an 31 Nollaig 2022, íocfar tráthchuid 2022 an bhliain a nglacfar é.';

(2) In Airteagal 90(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'5. Déanfar an méid a íoctar mar réamh-mhaoiniú le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022, cé is moite den réamh-mhaoiniú breise dá dtagraítear san fhomhír dheireanach de mhír 2, a imréiteach ó chuntais an Choimisiúin gach bliain. Déanfar na méideanna eile ar fad a íoctar mar réamh-mhaoiniú a imréiteach ó chuntais an Choimisiúin tráth nach déanaí ná an bhliain chuntasaíochta deiridh i gcomhréir le hAirteagal 100.';

(3) in Airteagal 112, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'7. I gcás ina mbunófar tosaíocht ar leithligh laistigh de chlár chun tacú le hoibríochtaí lena gcuirtear chun cinn lánpháirtiú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tír, cuirfear ráta cómhaoinithe suas le 100 % i bhfeidhm maidir le caiteachas a dhearbhaítear in iarratais ar íocaíocht go dtí deireadh na bliana cuntasaíochta dar críoch an 30 Meitheamh 2024. Tar éis an dáta sin, beidh feidhm ag an ráta

cómhaoinithe a leagtar amach sa chlár i gcomhréir leis na huasrátaí cómhaoinithe a leagtar amach i míreanna 3 agus 4.

Ní rachaidh an méid iomlán a chlárófar faoi thosaíochtaí den sórt sin i mBallstát thar 5 % den leithdháileadh náisiúnta tosaigh ó CFRE agus ó CSE+ le chéile.

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an ráta cómhaoinithe faoin 30 Meitheamh 2024.

Déanfar 30 % ar a laghad de leithdháileadh airgeadais tosaíochta ar leithligh den sórt sin a shannadh d'oibríochtaí a bhfuil tairbhithe acu, arb údaráis áitiúla agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a fheidhmíonn i bpobail áitiúla iad. Tuairisceoidh na Ballstáit maidir le comhlíonadh an choinníll sin sa tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht a cheanglaítear faoi Airteagal 43. I gcás nach gcomhlíonfar an coinníoll sin, déanfar an aisíocaíocht ón gCoimisiún faoin tosaíocht lena mbaineann a laghdú go comhréireach chun a áirithiú go n-urramófar an coinníoll sin agus an t-iarmhéid deiridh atá le híoc leis an gclár á ríomh.';

(4) cuirtear isteach an tAirteagal 118a seo a leanas:

'*Airteagal 118a*

**Coinníollacha maidir le hoibríochtaí atá faoi réir cur chun feidhme céimnithe a roghnaíodh le haghaidh tacaíochta roimh an 29 Meitheamh 2022 faoi Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013**

1. D'ainneoin Airteagal 118, maidir le hoibríocht, ar mó ná EUR 1 000 000 a costas iomlán, a roghnaíodh le haghaidh tacaíochta agus ar cuireadh tús léi roimh an 29 Meitheamh 2022 faoi Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus faoi na Rialacháin Chiste-shonracha seo a leanas: Rialacháin (AE) Uimh. 1301/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14], Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15], Rialachán (AE) Uimh. 1300/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16], Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17] agus Rialachán (AE) Uimh. 2014/508 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18], measfar go mbeidh an oibríocht sin incháilithe do thacaíocht faoin Rialachán seo agus faoi na Rialacháin Chiste-shonracha i gclárthréimhse 2021-2027.

---

14 Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir le forálacha sonracha a bhaineann le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1080/200 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 289)

15 Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 470)

16 Rialachán (AE) Uimh. 1300/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1084/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 281)

17 Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le forálacha sonracha i dtaca le tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa do sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (IO L 347, 20.12.2013, lch. 259)

18 Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2328/2003 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 861/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1198/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.5.2014, lch. 1).

De mhaolú ar Airteagal 73(1) agus (2), féadfaidh an t-údarás bainistíochta a chinneadh tacaíocht a dheonú go díreach d'oibríocht den sórt sin faoin Rialachán seo, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

a) tá dhá chéim ag an oibríocht is féidir a shainaithint ó thaobh an airgeadais de, agus rianta iniúchta ar leith inti;

b) tá an oibríocht laistigh de na gníomhaíochtaí atá cláraithe faoi chuspóir sonrach ábhartha agus tá sí inchurtha i leith cineál idirghabhála i gcomhréir le hIarscríbhinn I;

c) níl caiteachas a áirítear in iarratas ar íocaíocht i ndáil leis an gcéad chéim in aon iarratas ar íocaíocht i ndáil leis an dara céim;

d) gabhann an Ballstát air féin an dara céim a lánchríochnú agus a dhéanamh oibríochtúil le linn na clárthréimhse, céim arb í an chéim dheiridh í sa tuarascáil chríochnaitheach ar chur chun feidhme, nó i gcomhthéacs an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh sa tuarascáil deiridh bhliantúil ar chur chun feidhme, arna cur isteach i gcomhréir le hAirteagal 141 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

2. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le hoibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin imirce a eascraíonn as fogha míleata Chónaidhm na Rúise a dtacaítear leo trí úsáid a bhaint as an deis dá bhforáiltear faoin gcéad fhomhír agus faoin dara fomhír d'Airteagal 98(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.'

(5) in Iarscríbhinn I, cuirtear isteach na línte seo a leanas ag deireadh Thábla 1:

'

| AN RÉIMSE IDIRGHABHÁLA | | Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh | Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh |
|---|---|---|---|
| Cóid eile a bhaineann le hoibríochtaí atá faoi réir cur chun feidhme céimnithe de bhun Airteagal 118a | | | |
| 183 | Bainistiú dramhaíola tí: líonadh talún | 0 % | 100 % |
| 184 | Stóráil agus tarchur leictreachais | 100 % | 40 % |
| 185 | Gás nádúrtha: stóráil, tarchur agus dáileadh | 0 % | 0 % |
| 186 | Aerfoirt | 0 % | 0 % |
| 187 | Infheistíocht tháirgiúil i bhfiontair mhóra atá nasctha leis an ngeilleagar ísealcharbóin | 40 % | 0 % |

'

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

#### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) 2021/1060 maidir le solúbthacht bhreise chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí ionsaithe míleata Chónaidhm na Rúise
FAST (Cúnamh solúbtha do chríocha) – CARE

#### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

05 Forbairt Réigiúnach agus Comhtháthú

07 Infheistíocht i nDaoine, Comhtháthú Sóisialta agus Luachanna

#### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ beart nua

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[19]

**X síneadh le beart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

#### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

N/B

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

N/B

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

N/B

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

N/B

---

[19] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n- áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

| |
|---|
| N/B |

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

| |
|---|
| N/B |

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

| |
|---|
| N/B |

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

| |
|---|
| N/B |

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n- áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

| |
|---|
| N/B |

## 1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

**X tréimhse theoranta**

– **X** Tionchar airgeadais ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2027 ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[20]

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

**X Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

N/B

[20] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/GA/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

| |
|---|
| N/B |

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

| |
|---|
| N/B |

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

| |
|---|
| N/B |

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

| |
|---|
| N/B |

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

| |
|---|
| N/B |

## AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

**Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n- imreofar tionchar**

Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | LD/LN[21]. | ó thíortha de chuid CSTE[22] | ó thíortha is iarrthóirí[23] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 2a Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach | 05.02.01 Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) Caiteachas Oibríochtúil<br>05.03.01 An Ciste Comhtháthaithe (CC) Caiteachas Oibríochtúil<br>07.02.01 An tsraith bainistíochta comhroinnte de Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) – Caiteachas Oibríochtúil | Difreáilte. | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

[21] LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

[22] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

[23] Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d’fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

**An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe**

*Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Chun an modhnú atá beartaithe a dhéanamh, ní gá aon athrú a dhéanamh ar uasteorainneacha bliantúla an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil d'oibleagáidí agus íocaíochtaí de réir mar leagtar síos in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. 1311/2013, ná ar na riachtanais íocaíochta le linn na tréimhse 2021-2027.

Ní gá aon athrú a dhéanamh ar mhiondealú bliantúil na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa Plus, do Chiste Sóisialta na hEorpa ná don Chiste Comhtháthaithe.

Meastar go dtabharfar tús áite, de bharr an togra, d' íocaíocht na leithreasuithe le haghaidh na bliana féilire 2022 agus 2023, ar a bhfuil meastachán thíos.

Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Líon | 2a |
|---|---|---|

| Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh agus an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú | | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | |
| 05.02.01 Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) Caiteachas Oibríochtúil<br><br>05.03.01 An Ciste Comhtháthaithe (CC) Caiteachas Oibríochtúil<br><br>07.02.01 An tsraith bainistíochta comhroinnte de Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) – Caiteachas Oibríochtúil | Gealltanais | (1a) | | | | | | | | **0.000** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | 1 743.000 | 1 743.000 | - | | | -3 486.000 | **0.000** |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1b) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | | | | | | |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[24] | | | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe** | Gealltanais | =1a+ | | | | | | | | **0.000** |

24 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| le haghaidh Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh agus na hArd-Stiúrthóireachta um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú | | 1b +3 | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | =2a+ 2b +3 | | 1 743.000 | 1 743.000 | - | | | -3 486.000 | **0.000** |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (5) | | | | | | | | |
| • IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | (6) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 2a** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+ 6 | | | | | | | | **0.000** |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | | 1 743.000 | 1 743.000 | | | | -3 486.000 | **0.000** |

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 7 | ‘Caiteachas riaracháin’ |
|---|---|---|

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ a iontráladh ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha) agus a uaslódáladh ar an gcóras DECIDE chun críoch comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AS: <…….> | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | | | | | | | | |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN ARD-STIÚRTHÓIREACHT** <…….> | Leithreasuithe | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | | | | | | | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | | | | | | | | **0.000** |
| | Íocaíochtaí | | 1 743.000 | 1 743.000 | | | | -3 486.000 | **0.000** |

*An t- aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Éilíonn an togra/an tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí atá ann cheana (níl aon athrú ag baint leis seo):

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **N** | | Bliain **N+1** | | Bliain **N+2** | | Bliain **N+3** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Cineál[25] | Meán chostas | Nil | Costas | Nil | Costas | Nil | Costas | Nil | Costas | Nil | Costas | Nil | Costas | Nil | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[26]… | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁIN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

25 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a maoiníodh, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

26 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

*Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

**X** Ní éilíonn an togra/tionscnamh go núsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N**[27] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7[28] den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | | |

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

27 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

28 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

**X** Ní éilíonn an togra/tionscnamh go núsáidfear acmhainní daonna.

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| – | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| – 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | | | | | | | |
| – 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| – 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | | |
| – 01 01 01 11 (Taighde díreach) | | | | | | | | |
| – Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| – **• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[29] – | | | | | | | | |
| – 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | | | | | | | |
| – 20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| – **XX** 01 xx **yy zz** [30] – | – - sa cheanncheathrú – | – | | | | | | |
| | – - i dtoscaireachtaí | – | | | | | | |
| – 01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach) | | | | | | | | |
| – 01 01 01 12 (CA, INT, SNE – Taighde díreach) | | | | | | | | |
| – Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| – **IOMLÁN** | | | | | | | | |

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus foireann shealadach | |
| Pearsanra seachtrach | |

29 AC = Ball Foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Gairmí Sóisearach i dToscaireacht.

30 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

*Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

☐ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí ath-imscaradh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI).

| |
|---|
| Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, ag sonrú na línte buiséid lena mbaineann mar aon leis na méideanna comhfhreagracha. Cuir tábla Excel ar fáil i gcás mór-athshannadh. |

☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid. |

☐ is gá athbhreithniú ar CAI.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

*Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

**X** ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N**[31] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

[31] Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

**An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam**

– **X** Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[32] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n- imrítear tionchar orthu.

[…]

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

[…]

32 A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.